## Bileog 3.1

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 3.1** ar gach duine.
- *Ag cur mothúchán in iúl – Réamhobair*: Abair le gach beirt ransú intinne a dhéanamh ar an stór focal a bhaineann leis na mothúcháin a chuireann na teidil thíos in iúl. Tá na frásaí is foirmiúla ag bun an liosta.

**Ag déanamh comhbhróin:**
Tá brón orm é sin a chloisteáil. (le cara)
Bhí brón orm a chloisteáil
Is olc liom do bhris.
Ní maith liom do bhris.
Ní maith liom do thrioblóid.
Tá mé buartha faoi do thrioblóid.
Go dtuga Dia sólás daoibh.
Grásta ó Dhia ar a anam.
Ar dheis Dé a raibh a anam dílis. (níos foirmiúla)

**Ag déanamh comhghairdis:**
Bulaí fir! (le cara)
Maith thú!
Fair plé duit!
Comhghairdeas.
Bhí lúcháir orm an dea-scéala a chloisteáil.
Déanaim comhghairdeas ó chroí leat.
Go maire sibh bhur nuacht.
Saol agus sláinte chugat!
Beannacht Dé leat.
Go maire bhur mbabaí a shaol úr.
Go maire bhur leanbh a shaol úr.
Go maire sibh bhur dteach úr. (níos foirmiúla)

**Ag cur grá/cion in iúl:**
A stór/a stóirín.
A thaisce.
A rún.
A ghrá geal mo chroí.
A mhuirnín.

- *Ag cur mothúchán in iúl – Rólimirt*: Iarr ar gach beirt na róil ar fad a dhéanamh le chéile. Tá naoi ról ann ar fad. Bí cinnte go ndéanann siad na róil a mhalartú. Seo sampla den chineál comhrá atá i gceist:

**(1) Ag déanamh comhbhróin le duine – a: Fuair athair le do bhainisteoir san obair bás.**
- Bhí brón orm a chloisteáil faoi bhás d'athar, a Sheáin.
- Go raibh maith agat. Tháinig an bás aniar aduaidh orainn, ceart go leor, ach sin an saol.
- Is olc liom do bhris.
- Go raibh maith agat.

- Bí ag siúl thart tú féin le linn na gníomhaíochta le cuidiú ar bith a sholáthar, más gá.
- Iarr orthu nóta a scríobh a bheadh oiriúnach do chárta i gcás comhthéacs amháin i ngach bosca. Bailigh thusa trí nóta an duine nuair atá siad críochnaithe agus ceartaigh na nótaí don chéad rang eile. Tarraing aird ar réim teanga sa chleachtadh seo.
- Pléigh ceist 3 leis an rang ar fad.
- Seo sampla de cad atá i gceist le ceist 4:

© Ollscoil Mhá Nuad

- *Tá an-bhrón orm faoi bhás d'athar, a Chiara, a pheata, conas atá tú féin?*
- (Déarfá sin le do chara ach ní le do bhainisteoir)
- *Bhí brón orm a chloisteáil faoi d'athair, a Mháirtín, go dtuga Dia sólás daoibh.*
- (Déarfá sin le do bhainisteoir ach ní le cara)

- *Cúrsaí grá – Plé*: Léigh na ceisteanna leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad gach ní. Cuir gach triúr ina suí le chéile leis na ceisteanna a phlé. Abair leo nach bhfuil ann ach tuairimíocht agus nach gcaithfidh siad a dtuairimí macánta a nochtadh murar mhian leo - is féidir leo a bheith ag cur i gcéill.
- Pléigh na ceisteanna leis na foghlaimeoirí ar fad tar éis tamall maith cainte agus ceartaigh aon bhotún a chuala tú le linn na gníomhaíochta.

## Bileog 3.2

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 3.2** ar gach duine.
- *Caidrimh – Réamhobair*: Tabhair seans do gach beirt na téarmaí a phlé.

***Freagraí:***

**Ceadúnas filíochta** – cead tugtha d'fhilí agus do scríbhneoirí imeacht ó rialacha agus ón chaighdeán scríofa chun cur lena stíl litríochta.

"go sciorrfadh
anuas den bhfalla is go slogfadh mé
d'aon tromanáil i lár na hoíche. . ."

I nGaeilge chaighdeánach ba cheart go mbeadh ***sé*** tar éis na bhfocal ***slogfadh*** agus ***sciorrfadh***, ach chuirfeadh an forainm isteach ar rithim an dáin agus mar sin fágtar ar lár iad.

**Fallás mothaitheach** – nuair a thugtar mothúcháin dhaonna do rudaí neamhbheo.

"go sciorrfadh
anuas den bhfalla is go slogfadh mé
d'aon tromanáil i lár na hoíche. . ."

"Nuair a rugas ar an scáthán
sceimhlíos. Bhraitheas é ag análú tríd."

Tugtar tréithe daonna don scáthán anseo.

**Uaim** – nuair a bhíonn an fhuaim chéanna ag tús focal nó i siollaí a bhfuil béim orthu. Baineann uaim le consain den chuid is mó.

"fad a <u>dh</u>eineas-sa é a <u>dh</u>aingniú
le <u>dh</u>á thairne."

**Comhfhuaim** – nuair a bhíonn fuaim i bhfocal amháin cosúil leis an fhuaim i bhfocal eile. Baineann comhfhuaim leis na gutaí den chuid is mó.

"os cionn an tinteá<u>in</u>,
m'atha<u>ir</u> á choinneá<u>il</u>
fad a dhe<u>in</u>eas-sa é a dha<u>in</u>gniú"

- *Caidrimh – Filíocht*: Abair le gach beirt an dán a léamh le chéile ina mbeirteanna faoi dhó.
- Léigh an dán os ard agus téigh siar ar an stór focal.
- Ansin iarr orthu na cleachtaí a dhéanamh le chéile.

© Oiliscoil Mhá Nuad

***Freagraí:***

- **Pléigh**: tuairimíocht atá i gceist anseo.
- **Cultúr**: Bíonn **faire** (Uladh) nó **tórramh** (Connacht/Mumhain) ag a lán daoine in Éirinn. Baineann an traidisiún seo leis an Eaglais Chaitliceach. Is é atá i gceist ná go bhfuil an marbhán sa chónra oscailte agus go dtagann daoine chun comhbhrón a dhéanamh leis na daoine muinteartha agus paidir a rá don duine marbh chomh maith. Bíonn an cónra sa teach idir lá amháin agus 3 lá. Is minic anois a bhíonn an cónra sa séipéal nó sa mharbhlann agus nach mbíonn sé sa teach príobháideach a thuilleadh. Tá traidisiún an fhaire níos coitianta i dtuaisceart na tíre ach tá an seanghnás seo ag teacht ar ais arís ar fud na tíre.
- Bíonn **tórramh** (Uladh) nó **adhlacadh** (Connacht/Mumhain) sa séipéal agus cuirtear an corp tar éis an Aifrinn. Is ionann an gnás seo san Eaglais Chaitliceach agus sna hEaglaisí Protastúnacha. Cé go bhfuil créamadh ag éirí níos coitianta in Éirinn, níl an nós seo forleathan go fóill.
- **Teanga**: Is é an t-ainm briathartha atá i gceist.
  *Ag maisiú an tseomra*: Nuair a leanann ainmfhocal leis an alt an t-ainm briathartha cuirtear an t-ainmfhocal sin sa tuiseal ginideach.
- *a iarraidh/a chríochnú/a pháipéarú/a phéinteáil/a scríobadh/ag análú/ag rá/á choinneáil*: an t-ainm briathartha.
- ***á*** *choinneáil* ***vs.*** *a choinneáil*: Ní féidir forainm a chur díreach tar éis ainm briathartha agus mar sin úsáidtear an aidiacht shealbhach:

  Ba mhaith liom an leabhar a choinneáil **ach** tá an leabhar á choinneáil aige.
  Ba mhaith liom an léine a choinneáil **ach** tá an léine á coinneáil aige.
  Ba mhaith liom na leabhair a choinneáil **ach** tá na leabhair á gcoinneáil aige.

- *Caidrimh – Plé*: Iarr ar gach beirt anois liosta de thréithe daoine a scríobh amach le chéile. Seo samplaí:

| | | |
|---|---|---|
| Dícheallach | Ardaidhmeannach | Dáiríre |
| Mí-ionraic | Sotalach | Giorraisc (borb) |
| Múinte (béasach) | Leadránach | Santach |
| Fiosrach | Deisbhéalach | Searbhasach |
| Tionscantach | Amaideach | Gealgháireach |
| Ceanndána | Deaslámhach | Ciotach |
| Fuinniúil | Duine duairc | Duine suairc |

  Duine a bhfuil pearsantacht láidir aige/aici
  Duine a bhfuil féith an ghrinn aige/aici

- Mínigh dóibh go gcaithfidh siad anois seacht gcinn ón naoi gcinn sa liosta a roghnú chun cur síos a dhéanamh don duine eile ar cén cineál daoine iad agus cén cineál caidrimh atá/a bhí acu leo. Mar shampla:

  **M'athair:** Is duine ceanndána, ciotach é m'athair agus mar sin ní réitíonn muid go rómhaith lena chéile. Mothaíonn sé go bhfuil mise ró-réchúiseach mar dhuine agus mar sin éiríonn eadrainn go minic. Is fear an-traidisiúnta é chomh maith agus ní bhíonn muid ar aon intinn faoi mhórán rudaí, bíonn teannas eadrainn gach am a théim chun an bhaile.

© Oilscoil Mhá Nuad

## Bileog 3.3a agus Bileog 3.3b

- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus scaip **Bileog 3.3a** (3 bhileog ar fad) ar gach duine.
- *Tuairimí – Léamh*: Léigh tríd na treoracha ag barr an leathanaigh le bheith cinnte go dtuigeann siad cad go díreach atá le déanamh.
- (a)/(b): Tá orthu na sleachta a léamh le chéile agus na mothúcháin a léirítear iontu (go díreach agus go hindíreach) a aimsiú. Caithfidh siad na focail agus na frásaí a chuireann na mothúcháin chéanna sin in iúl a bhreacadh síos chomh maith. Níl aon fhreagra go díreach ceart anseo, tuairimíocht atá ann go pointe ach caithfidh go mbeidh tuiscint mhaith ag na foghlaimeoirí ar cad atá i gceist sna sleachta. Mar shampla:

  **Sliocht 1**
  Mothúcháin dhíreacha:
  - Brón agus buairt Christine Noble mar gheall ar an mbail atá curtha uirthi féin agus ar a teaghlach
  - Fearg: Í feargach nár dhéileáil an Stát ar bhealach cuí leo ar fad.

  Mothúcháin indíreacha:
  - Trua an scríbhneora dá cás agus an meas atá aige uirthi faoin mbealach a chuir sí roimpi cabhrú le daoine eile.

- (c) Caithfidh siad na focail le cló dubh orthu a chur in abairtí. Seo thíos leagan Béarla na bhfocal:
  **Teitheadh:** flee
  **Loic:** to fail (loic an Stát orthu – *the State failed them).*
  **Obair cheannródaíoch** – pioneering work
  **Na héagóracha** – the injustices, the inequities
  **Stiallghreannán** – comic strip
  **Mífheidhmiúil** – dysfunctional
  **Dáimh** – fondness
  **Mianta** – desires
  **Aithreachas** – repentance, regret

- (d) Céimeanna comparáide na haidiachta.
- (e)/(f): Tabhair deis dóibh a gcuid tuairimí faoi na ceisteanna a phlé le chéile sula bpléifidh tusa na tuairimí os comhair an ranga ar fad.
- Scaip **Bileog 3.3b** ar na foghlaimeoirí agus cuir gach beirt le chéile anois.
- *Céimeanna comparáide na haidiachta – Teanga*: Léigh na treoracha anseo leis an rang sa dóigh is go dtuigfear cad atá le déanamh.

© Ollscoil Mhá Nuad

***Freagraí:***

1. Tabhair dreas dóibh samplaí a thabhairt duit de na hamanna a úsáidtear an ghné seo den ghramadach.
2.

| An aidiacht | Breischéim na haidiachta | Sárchéim na haidiachta |
|---|---|---|
| Fada | Níos faide | Is faide |
| Beag | Níos lú | Is lú |
| Te | Níos teo | Is teo |
| Álainn | Níos áille | Is áille |
| Maith | Níos fearr | Is fearr |
| Olc | Níos measa | Is measa |
| Furasta | Níos fusa | Is fusa |
| Mór | Níos mó | Is mó |
| Fliuch | Níos fliche | Is fliche |
| Tréan | Níos tréine | Is tréine |
| Breá | Níos breátha | Is breátha |
| Saibhir | Níos saibhre | Is saibhre |
| Leathan | Níos leithne | Is leithne |
| Gearr | Níos giorra | Is giorra |
| Ramhar | Níos raimhre | Is raimhre |
| Dian | Níos déine | Is déine |

3.

| An aidiacht | Breischéim na haidiachta | Sárchéim na haidiachta |
|---|---|---|
| Tuisceanach | Ní ba thuisceanaí | Ba thuisceanaí |
| Lag | Ní ba laige | Ba laige |
| Deacair | Ní ba dheacra | Ba dheacra |
| Luath | Ní ba luaithe | Ba luaithe |
| Ard | Ní b'airde | Ab airde |
| Maith | Ní b'fhearr | Ab fhearr |

- *An aidiacht bhriathartha – Teanga*: Léigh na treoracha anseo leis an rang sa dóigh is go dtuigfear cad atá le déanamh.

***Freagraí:***

1. Feidhmíonn an fhoirm seo den bhriathar mar aidiacht.

2.

| An Aidiacht Bhriathartha | Sampla ón téacs | Samplaí eile |
|---|---|---|
| íoc - íoctha | leagtha/tógtha | ceaptha |
| cuir - curtha | - | siúlta |
| mol - molta | déanta | múchta |
| roinn - roinnte | tuillte/ dochreidte | briste |
| caith - caite | - | ite |
| léigh - léite | - | luaite |
| scríobh - scríofa | aimsithe | cruthaithe |
| ceannaigh - ceannaithe | - | gafa |

3.

| | | | |
|---|---|---|---|
| tar: tagtha | téigh: dulta | tabhair: tugtha | abair: ráite |
| inis: inste | imir: imeartha | fógair: fógartha | |

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 3.4

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar agus scaip **Bileog 3.4** ar gach duine.
- *Tuairimí - Réamhphlé*: Caithfidh gach duine sna grúpaí éagsúla cur síos a dhéanamh dá chéile ar conas mar a mhothaíonn siad nuair a tharlaíonn na nithe éagsúla, agus tá orthu a dtuairimí a nochtadh fúthu chomh maith. Mar shampla:

  *Tagann taom feirge orm nuair a fheicim duine ag caitheamh bruscair ar an talamh. Creidim gur daoine fíorleithleacha iad na daoine seo. Ba cheart pionós géar a ghearradh ar shlabairí mar seo!!*
- Bí ag siúl thart ag éisteacht leo agus breac síos aon bhotún a chloiseann tú le ceartú ag deireadh na gníomhaíochta.
- Pléigh na tuairimí a bhí ag na foghlaimeoirí uilig tar éis dóibh tamall maith cainte a dhéanamh.
- *Tuairimí - Éisteacht*: Cuir an mhír éisteachta ar siúl uair amháin don rang agus tabhair tamall dóibh na ceisteanna a fhreagairt. Cuir an téip ar siúl uair amháin eile tar éis duit na freagraí a phlé leo más gá.

***Freagraí:***

a) Carasmatach, taitneamhach, séimh, macánta agus umhal.
b) Chuaigh sé i bhfeidhm orm/chuaigh sé go smior ionam/chuaigh sé i gcion orm.
c) Cuireann sé as dom/goilleann sé orm/cuireann sé le craobhacha mé/cuireann sé ar daoraí mé/cuireann sé soir mé.
d) Tá fearg **orm**/Bíonn eagla **orm**/Bím in éad **le** duine nó bhí éad **orm**/Níl muinín agam **as**/Tá grá agam **dó**.

- *Tuairimí - Plé*: Léigh tríd na ceisteanna 1-3 leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh. Tá an sampla ann faoi Rory McIlroy le cuidiú leo.
- Ba cheart go mbeadh ábhar fada cainte acu anseo agus mar sin bí ag siúl timpeall le cuidiú ar bith atá ag teastáil uatha a thabhairt dóibh.
- Pléigh na tuairimí leis an rang ar fad nuair atá an chaint críochnaithe.
- Ag deireadh na gníomhaíochta ar fad téigh siar ar aon cheist ghramadaí a tháinig chun cinn le linn na cainte leis na foghlaimeoirí agus pléigh an stór focal ar fad a d'úsáid siad.

© Ollscoil Mhá Nuad